Comhairle AE

PRESS
GA

**RÁITEAS AGUS BARÚLACHA**
381/16
24/06/2016

# Ráiteas ó na ceannairí AE agus ó Uachtaránacht na hÍsiltíre maidir le toradh an reifrinn sa Ríocht Aontaithe

Chruinnigh an tUachtarán Schulz, an tUachtarán Tusk agus an Príomh-Aire Rutte ar maidin sa Bhruiséil ar chuireadh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an tUasal Juncker. Phléigh siad toradh reifreann na Ríochta Aontaithe agus d'eisigh siad an ráiteas comhpháirteach seo a leanas:

“Trí phróiseas a bhí saorthoiliúil daonlathach, tá léirithe ag pobal na Ríochta Aontaithe gur mian leo an tAontas Eorpach a fhágáil. Is oth linn an cinneadh sin, ach géillimid dó.

Níor casadh ina leithéid seo de chás riamh sinn, ach táimid uile d'aon taobh agus sinn ag tabhairt aghaidh air. Seasfaimid go daingean agus cloífimid le bunluachanna an Aontais Eorpaigh, is é sin leas phobail an Aontais agus an tsíocháin a chur chun cinn. Leanfaidh Aontas na 27 mBallstát ar aghaidh. Is é an tAontas atá ina chreat ag ár gcomhthodhchaí polaitíochta. Tá an stair, an geograf agus an leas coiteann dár ndlúthú le chéile, agus is ar an mbonn sin a fhorbróimid an comhar eadrainn. Tabharfaimid aghaidh le chéile ar na dúshláin atá romhainn uile, mar atá: an rathúnas a mhéadú agus féachaint chuige gur i dtimpeallacht shlán shábháilte a mhairfidh ár saoránaigh. Beidh ról iomlán ag na hinstitiúidí san obair sin.

Táimid ag súil anois go gcuirfidh rialtas na Ríochta Aontaithe an cinneadh seo i bhfeidhm go hiomlán a luaithe is féidir, dá phianmhaire dá mbeadh an próiseas sin. Fadú gan ghá ar an éiginnteacht an toradh a bheadh ar aon mhoill a dhéanfaí. Tá rialacha againn chun plé leis an gcás ar dhóigh ordúil. Leagtar amach in Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach an nós imeachta atá le leanúint má chinneann Ballstát ar an Aontas Eorpach a fhágáil. Táimid réidh le caibidlíocht a chur ar bun go luath leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh lena tarraingt amach as an Aontas Eorpach. Go dtí go mbeidh an próiseas caibidlíochta sin thart, beidh an Ríocht Aontaithe ina ball den Aontas Eorpach agus beidh na cearta agus na dualgais uile i bhfeidhm a thagann as an mballraíocht sin. De réir na gConarthaí a dhaingnigh an Ríocht Aontaithe, leanfaidh dlí an Aontais Eorpaigh de bheith i bhfeidhm go hiomlán sa Ríocht Aontaithe go dtí go bhfágfaidh sí é.

Amhail a comhaontaíodh, ní thiocfaidh an 'Socrú Nua don Ríocht Aontaithe Laistigh den Aontas Eorpach', socrú a rinneadh ag Comhairle Eorpach an 18-19 Feabhra 2016, i bhfeidhm agus ní ann dó níos mó. Ní dhéanfar aon athchaibidlíocht.

Maidir leis an Ríocht Aontaithe, tá súil againn go mbeidh sí ina dlúthpháirtí ag an Aontas Eorpach amach anseo. Táimid ag súil leis go gcuirfidh an Ríocht Aontaithe a cuid moltaí le chéile dá réir sin. Aon chomhaontú a thabharfar i gcrích leis an Ríocht Aontaithe mar thríú tír, ní mór leas an dá thaobh a chur san áireamh ann, agus cothromaíocht idir cearta agus dualgais.”

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press